Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Iúil 2021**
**(OR. en)**

**11028/1/21**
**REV 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0177(NLE)**

**PECHE 269**
**UK 183**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/1919, (AE) 2021/91 agus (AE) 2021/92 a mhéid a bhaineann le deiseanna áirithe iascaireachta le haghaidh 2021 in uiscí an Aontais agus in uiscí nach uiscí de chuid an Aontais iad<br>• Na ráitis athbhreithnithe atá le cur sna miontuairiscí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Ráitis atá le cur sna miontuairiscí ón gComhairle maidir leis an Rialachán thuasluaite.

Léirítear na hathruithe a rinneadh ar na Ráitis roimhe seo, mar a leagtar amach in 11028/21 iad, **le cló trom agus le líne tríothu**.

**IARSCRÍBHINN**

## RÁITIS

**Ráiteas ón mBeilg, ón Danmhairg, ón bhFrainc, ón nGearmáin, ón Ísiltír agus ón tSualainn maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus Airteagail 3 agus 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 le haghaidh COD/03AN, COD/2A3AX4, COD/07D agus PRA/03A in 2021**

Ós rud é go bhfuil bithmhais na stoc COD/03AN, COD/2A3AX4 agus COD/07D faoi bhun na teorainn bithmhaise agus go bhfuil bithmhais stoc PRA/03A faoi bhun $B_{trigger}$ agus ~~**nach gceadófar ach foghabháil agus iascach eolaíoch in 2021**~~, chun a áirithiú go ndéanfar na stoic a aisghabháil i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2018/973 agus (AE) 2019/472, geallann an Bheilg, an Danmhairg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ísiltír agus an tSualainn nach n-úsáidfidh siad an tsolúbthacht idirbhliantúil faoi Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus faoi Airteagail 3 agus 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 maidir leis na stoic sin in 2021. Is freagairt ar na himthosca eisceachtúla atá ann faoi láthair do na stoic sin an gealltanas siúd.

### Dréachtráiteas ón gComhairle

Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún obair leantach a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach asbhaintí TAC ag an Ríocht Aontaithe i gcomhthéacs na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír, agus an Chomhairle a chur ar an eolas faoin 1 Deireadh Fómhair 2021 ar a dhéanaí faoi chur i bhfeidhm na modheolaíochta a úsáideann an Ríocht Aontaithe, agus faoi na hasbhaintí beachta a rinneadh i stoc. Mura féidir faisnéis leordhóthanach faoi sin a chur ar fáil faoin dáta sin, pléifidh an Chomhairle an bealach chun cinn.